# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Méan Fómhair 2023

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

# Laoch na Gaeilge Rónán Mac Aodha Bhuí ar shlí na fírinne

Dúinne atá ag plé le Pleanáil Teanga ar fud na tíre agus go háirithe anseo i nGaoth Dobhair bhí muid uilig go mór faoi bhrón foghlaim faoi bhás ár gcara Rónán Mhic Aodha Bhuí. Ag smaoineamh ar chúrsaí pleanála teanga, caithfear a adhmháil go raibh Ronán ag dul do Pleanáil Teanga ina bhealach féin i bhfad sula dtáinig sé i réim. Tá sé deacair a chur i bhfocail an méid a rinne an fear seo don teanga agus crothnóidh na Gaeil uilig ar fud an náisiúin agus níos faide i gcéin é anois. Ba mhaith linn ár gcomhbhrón a chur in iúl dona bhean céile Bernie, a iníon Fionnuala agus an teaghlach uilig. Ba mhaith linn ár gcomhbhrón a chur in iúl do lucht RTÉ RnaG chomh maith lena chuid cairde ar fad timpeall na cruinne.







# Seas

Bhí Dónall Ó Cnáimhsí ó Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt i láthair ag SEAS (lá stocaireacht de chuid Conradh na Gaeilge) in Ostan Buswells i mBaile Átha Cliath ar na mallaibh. Rinneadh plean nua infheistíochta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht a sheoladh ar an lá ceanna i dTeach an Ardmhéara. Ta tacaíocht léirithe ag 135 eagraíocht go náisiúnta san áireamh. Tá súil againn go dtabharfaidh an Rialtas aird ar an éileamh.

# Cruinniú Fócasghrúpaí maidir le Pleanáil Gaeltachta agus na Gaeilge i nDún na nGall

Bhí Dónall agus John ó Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt i láthair ag cruinniú fócasghrúpaí maidir le Pleanáil Gaeltachta agus na Gaeilge i nDún na nGall. Mar pháirt don chruinniú rinne an t-Ollamh Conchúr Ó Giollagáin cur i láthair cuimsitheach ar staid na Gaeilge faoi láthair.




# Bua ag foireann ban CLG Naomh Mhuire sa Chraobh Idirmhéanach




Comhghairdeas le foireann ban CLG Naomh Mhuire a bhain an Craobh Idirmhéanach le gairid. Beidh siad ag imirt i gCraobh Uladh anois agus guíonn muid uilig ádh mór orthu sa chomórtas sin.

# Colm Mac Giolla Easbuic ainmnithe do Ghradam Réalt Óg na Bliana i mbliana

Caithigí vóta do Cholm Mac Giolla Easbuic atá istigh fá choinne Réalt Óg na Bliana i mbliana. Beidh na buaiteoirí á fhógairt ag an Oireachtas ag tús mhí na Samhna. Ádh mór air!




# Moltóireacht Gradam Gnó

D'éirigh le Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt 16 gnólacht a chlarú don scéim Gradam Gnó i mbliana. Chuaigh roinnt acu faoi mholtóireacht le gairid agus tá muid cinnte go n-éireoidh go geal leo!



# Cur aithne ar Enya



**Ainm:** Enya Nic Fhionnlaíoch

**Aois:** 21

**Post:** Comhairleoir Árachais le VHI

**Caithimh Aimseartha:** Ag éisteacht le ceol oíche hAoine di Bhonner

**Bia:** Carbonara

**Deoch:** Cupán tae

**Ceol:** The 1975

**Scannán:** The Imitation Game nó The Shawshank Redemption. Deacair piocadh idir an bheirt!

**Clár Teilifíse:** Gilmore Girls

**Ainmhí:** Madadh

**Leabhar:** Cherry le Niko Walker

**Ceolchoirm:** Garth Brooks

**Podchraoladh:** Sloss and Humphries on the Road

**Spórt:** F1

**Féile Ceoil:** Sult

**Gréasán Sóisialta:** Tik Tok

**Uirlis Ceoil is fearr leat**: Na Píopaí Uileann

**Ag obair in oifig nó ag obair ón bhaile:** Déanaim an bheirt ach bíonn níos mó díriú intinne agam ag obair san oifig

**Megan Nic Fhionnlaioch nó Cathal Ó Curráin:** Séamus Joe Jack

**iPhone nó Android:** iPhone

**Scannán Greannmhar nó Scannán Drámatúil:** Scannán Drámatúil

**Cóisir Tí nó Cóisir i Linn Snámha:** Cóisir Tí

**Laoch:** Mo sheanathair Patsy

**Oíche amuigh:** Teach Mhicí

**Cuireadh chuig cóisir:** Jamie Nic Giolla Easbuic agus Michaela Nic Liam

**Laethanta Saoire:** Santa Ponsa

**Seanfhocal:** Ná beannaigh don diabhal go mbeannaí sé duit

**Mana Saoil:** Ná bí ró-chrua ort féin agus bain sult as an saol!

**Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana**: Níl a fhios agam. Áit ar bith chomh fada is atá mé sásta.




Beidh féile drámaíochta ar siúl i nGaoth Dobhair idir an 20ú agus an 21ú Deireadh Fomhair. Is cinnte go mbeidh deireadh seachtaine den scoth ann!

